FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)

Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach (GECC)

(Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19))

(2022/C 115/09)

I.1) **Ainm, seoladh agus pointe teagmhála**

Ainm oifigiúil: Parc naturel européen Plaines Scarpe-Escaut

Oifig chláraithe: Rue des Sapins 31, 7603 Bon-Secours, An Bheilg

Pointe teagmhála: Isabelle Zarlenga, Stiúrthóir

Seoladh gréasáin na grúpála: https://plaines-scarpe-escaut.eu

I.2) **Fad na Grúpála:**

Fad na Grúpála: neamhshonraithe

Dáta clárúcháin: 6 Meán Fómhair 2021

Dáta foilsithe: 28 Deireadh Fómhair 2021

II. **CUSPÓIRÍ**

Is éard is cuspóir seachbhrabúsach don Ghrúpáil, sa Bheilg di agus thar lear araon, bíodh sin ar a cuntas féin nó thar ceann a comhaltaí, an comhar trasteorann idir a comhaltaí a éascú, a chur chun cinn agus a stiúradh sa chríoch a shainmhínítear in Airteagal 3 dá reacht.

Dá réir sin, cuireann an Ghrúpáil tionscadail i gcrích laistigh de raon tascanna a chomhaltaí mar atá sainithe i gCairt Pháirc Nádúrtha Réigiúnach Scarpe-Escaut, arna hathnuachan ag Foraithne Aireachta Uimh. 2010-1021 an 30 Lúnasa 2010, agus sa phlean bainistíochta do Pháirc Nádúrtha Plaines de l'Escaut a ghlac Aire Talmhaíochta, Dúlra agus Gnóthaí Tuaithe na Vallúine an 1 Aibreán 2015.

Is éard is aidhm do na tionscadail sin féiniúlacht trasteorann na críche lena mbaineann a neartú. Déanann an Ghrúpáil plean gníomhaíochta a tharraingt suas agus a chur i ngníomh.

Tá an Ghrúpáil i dteideal oibreacha a dhéanamh, nó a bheith ina forbróir ar na hoibreacha sin, ach iad a bheith riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach sa chríoch a shainítear in Airteagal 3. Féadfaidh an Ghrúpáil conarthaí nó comhaontuithe a dhéanamh. Féadfaidh an Ghrúpáil maoiniú de gach cineál – maoiniú poiblí, príobháideach agus go háirithe maoiniú Comhphobail – a lorg freisin chun cláir agus tionscadail chomhair chríochaigh a chur chun feidhme. Comhordaíonn an Ghrúpáil cur chun feidhme na dtionscadal arna gcómhaoiniú ar an gcaoi sin.

Mar riail ghinearálta, tá sé d'inniúlacht iomlán dhlíthiúil ag an nGrúpáil na gníomhartha agus na hidirbhearta uile a dhéanamh a bhaineann go díreach nó go hindíreach lena cuspóir nó a d'éascódh cur i gcrích an chuspóra sin go díreach nó go hindíreach, cibé acu ina iomláine nó go páirteach é sin.

III. **SONRAÍ BREISE MAIDIR LE hAINM NA GRÚPÁLA**

Ainm as Béarla: Scarpe-Scheldt Plains European Natural Park

Ainm as Fraincis: Parc naturel européen Plaines Scarpe-Escaut

IV. **COMHALTAÍ**

IV.1) **Líon iomlán na gcomhaltaí sa Ghrúpáil:** 2

IV.2) **Náisiúnachtaí na gcomhaltaí sa Ghrúpáil:** FR, BE

IV.3) **Faisnéis faoi na comhaltaí** ([1])

Ainm oifigiúil: ASBL Commission de gestion du Parc naturel des Plaines de l'Escaut
Seoladh poist: Rue des Sapins 31, 7603 Bon-Secours, An Bheilg
Seoladh gréasáin: http://plainesdelescaut.be
Cineál comhalta: Grúpáil arna bunú ag 8 n-údarás áitiúla

Ainm oifigiúil: Syndicat mixte de gestion du Parc naturel régional Scarpe-Escaut
Seoladh poist: 59731 Saint-Amand-les-Eaux, An Fhrainc
Seoladh gréasáin: http://www.pnr-scarpe-escaut.fr/
Cineál comhalta: Comhlacht arna rialú faoin dlí poiblí

([1]) Cuir isteach an fhaisnéis seo a leanas i gcás gach comhalta.